# Curaclam Matamaitice na Bunscoile

## Uimhriú agus comhaireamh

| | Céim 1 (Naíonáin Bheaga agus Mhóra) | Céim 2 (Rang a hAon agus a Dó) | Céim 3 (Rang a Trí agus a Ceathair) | Céim 4 (Rang a Cúig agus a Sé) |
|---|---|---|---|---|
| | *Trí eispéiris chuí foghlama spraíúla agus tharraingteacha, ba cheart go mbeadh an páiste in ann* | | | |
| **Torthaí Foghlama** | feasacht a fhorbairt gurb é cainníochtú an cuspóir a bhaineann le comhaireamh.<br><br>úsáid a bhaint as réimse straitéisí comhairimh le haghaidh réimse críocha. | inniúlacht a léiriú maidir le straitéisí comhairimh éagsúla a úsáid agus a chur i bhfeidhm. | | |
| **Coincheapa matamaiticiúla** | Is féidir cainníochtaí a thobmheas agus a chur i gcomparáid gan gá le comhaireamh a dhéanamh ná le luach uimhriúil a thabhairt. | Is féidir straitéisí meastacháin agus comhairimh a chur i bhfeidhm chun cainníochtaí / ríomhanna a fháil amach. | | |
| | Baineann cúig phrionsabal le comhaireamh; 1:1. ord seasmhach, bunuimhir, neamhábharthacht oird agus teibíocht. | Is féidir réasúnacht ríomhanna a thástáil trí chomhaireamh a dhéanamh. | | |
| | Léiríonn an uimhir dheireanach sa chomhaireamh cainníocht an tacair. | Tá réimse straitéisí ann le comhaireamh ar aghaidh/ siar a dhéanamh. | | |
| | Tá réimse straitéisí comhairimh ann, lena n áirítear réada a ghrúpáil agus réada a eagrú i roinnt cumraíochtaí amhairc. | | | |